

AN CHAOI AR CUIREADH SOLA DEN TSAOGHAL.

SOLA SOLAM MAC DAITHÍ AN RÍ.

Tá sé ráidhte go raibh fios ar chuile short ag Sola. A leas mháthair a chuir de'n tsaoghal é. Creidim gur nimh a thug sí dó le n-ól is dóch gur cheap sé go raibh an iomarca fios aige agus ba mhaith léithe é a chur as an mbealach. Nuair a bhí sé ag fághail bháis ghlac sí truaigh dó le méid a raibh de phian air. Dfhiafruifg sé de a raibh rud ar bith sa domhan a bhí i ndon a leigheas dubhairt sé nach raibh ach aon rud amháin í a fághail cloch ghlas agus í a leagan ar a bolg ar feadh trí ceathramhnaí uaire agus go leigheasfadh sé sin é.

Fuair sí an chloch ghlas agus leag sí isteach ar a craiceann í ag iarraidh seisean a leigheas. Chuir an chloch ghlas doightheach nimhe isteach treasna uirthe i riocht is go raibh sí cailte leath uair ar Shola. Bhí a fhios ag Sola go raibh an chloch ghlas i ndon í a chur chun báis.

11.10.1931.